# Droichead - Ball Seachtrach d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla
# Ceisteanna Coitianta - Earnáil Iar-bhunscoile

**Cén fáth a bhfuil gá le Ball Seachtrach?**

I scoileanna beaga, nó i gcásanna nuair nach féidir Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a bhunú as foireann na scoile féin, is féidir samhail sheachtrach a úsáid. Is féidir le príomhoidí FTG a bhunú ag baint úsáide as meascán d'fhoireann na scoile féin agus ball seachtrach amháin. Caithfidh ball amháin den FTG ar a laghad a bheith ó scoil an Mhúinteora Nuacháilithe (MNC) féin.

**Cá bhfaigheadh scoil Ball Seachtrach?**

Tá painéal de bhaill féinroghnaithe, lánoilte FTG bunaithe ag an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead, baill atá toilteanach feidhmiú mar bhall seachtrach ar FTG i scoil eile. De ghnáth, d'oibrigh na baill FTG seo as lámha a chéile ar FTG a scoile féin agus tá taithí acu ar Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) a thacú tríd an bpróiseas Droichead.

Chun liosta na mball d'FTG atá ainmnithe ar **Phainéal Seachtrach** na Rannóige Ionduchtúcháin Oide Droichead a iarraidh, ba cheart do phríomhoide na scoile ríomhphost a sheoladh chuig droicheadinduction@oide.ie. Roghnóidh an príomhoide ball seachtrach FTG ón bpainéal seo agus tabharfar cuireadh don bhall sin dul ar FTG na scoile. Ní mholfaidh an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead ball seachtrach - is faoin bpríomhoide atá sé ball seachtrach a roghnú. Bunófar an roghnú ar chomhthéacs na scoile de ghnáth (Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach, DEIS, Bord Oideachais agus Oiliúna, Gaelcholáiste, Meánscoil Dheonach, Ag Foghlaim Le Chéile) agus gaireacht na scoile don bhall seachtrach. D'úsáid dhiscréideach an phríomhoide amháin atá an liosta seo.

Rogha eile atá ag príomhoidí, in ionad Painéal Seachtrach na Rannóige Ionduchtúcháin Oide Droichead a úsáid, ná cuireadh a thabhairt do **mhúinteoir i scoil áitiúil** dul ar a FTG mar bhall seachtrach. Caithfidh an múinteoir seo a bheith oilte cheana féin mar bhall

de FGT. Mura bhfuil said oilte cheana féin, ní mór dóibh gealltanas a thabhairt go bhfreastalóidh siad ar Oiliúint FTG. Más é seo an cás, iarrtar ort é seo a chur in iúl do

1

droicheadinduction@oide.ie agus más féidir, gheobhaidh an múinteoir seo cuireadh chuig freastal ar Oiliúint FTG. Caithfidh an múinteoir Lá 1 agus Lá 2 d'Oiliúint FTG a chríochnú sula dtéann siad i mbun oibre mar bhall seachtrach d'FTG.

**Más roghnaítear mar Bhall Seachtrach mé, an gcaithfidh mé glacadh leis?**

Ní chaithfidh. Ar bhonn deonach a ghlactar le ballraíocht i bpainéal seachtrach agus ina leith sin tá sé de rogha ag an mball seachtrach, má dhéanann scoil teagmháil leo, maidir le tacaíocht a thabhairt don scoil mar gheall ar shrianta ama nó geografacha.

Tá sé tábhachtach teagmhail a dhéanamh le droicheadinduction@oide.ie mura bhfuil tú ar fáil níos mó chun feidhmiú mar bhall seachtrach.

**Cad leis a mbeifear ag súil uaim mar Bhall Seachtrach d'FTG?**

Tugann an FTG (baill inmheánacha agus baill sheachtracha araon) **treoir agus tacaíocht don MNC** le linn an ionduchtaithe scoilbhunaithe agus **déanann siad comhdhearbhú, i gcomhar leis an MNC,** go raibh siad páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama (síniú na Foirme D).

Nuair atá ceapachán an bhaill sheachtraigh ar an FTG aontaithe agus deimhnithe, aontóidh an scoil Droichead agus an ball seachtrach prótacail maidir lena rannphairtíocht sa phróiseas ag leibhéal na scoile. Is féidir go mbeidh éagsúlacht idir an ról agus na freagrachtaí atá ag gach ball den FTG agus ag an bpríomhoide ó scoil amháin go scoil eile, agus dá bhrí sin, ba chóir iad a aontú sula gcuirtear tús le próiseas Droichead. **Ba cheart go mbeadh an ball seachtrach páirteach agus Srac-phlean Droichead á chur i dtoll a chéile,** agus na ndátaí táscacha a bhaineann le próiseas Droichead an MNC cuí á shocrú.

Próiseas comhoibritheach i gcónaí é tacú le MNC le linn a bpróisis Droichead. Bíonn ar an mball seachtrach idirghníomhaíocht a dhéanamh leis an scoile roinnt uaireanta de ghnáth chun páirt a ghlacadh i gcomhráite gairmiúla le baill eile den FTG agus leis an MNC, agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ionduchtaithe, cosúil le breathnóireacht

2


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

ranga agus plé. Is féidir go n-áireofar i measc na n-idirgníomhaíochtaí sin - iarbhír agus/nó fíorúil - comhráite gairmiúla le baill eile den FTG agus leis an MNC.

Is féidir go bhféachfaidh an scoil óstach/scoil Droichead, i gcomhar leis an MNC agus le ball seachtrach an phainéil, an bhféadfaí réimse gníomhaíochtaí ionduchtaithe a eagrú. Ní bhíonn gá i gcónaí le hidirghníomhaíocht a dhéanamh ar bhonn duine le duine agus tá roinnt gníomhaíochtaí/comhráite gairmiúla an-oiriúnach do bhogearraí/teicneolaíocht chuí a úsáid m.sh. plé réamhbhreathnóireachta agus/nó plé iar-bhreathnóireachta.

Maidir le heilimintí de Shnáithe A, an tréimhse riachtanach de chleachtas gairmiúil, gníomhaíochtaí ionduchtaithe scoilbhunaithe, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don bhreathnóireacht agus do chomhráite gairmiúla srl., ba cheart go hidéalach go dtarlódh siad ar an láthair i dtimpeallacht na scoile. Ba chóir go mbeadh siad seo ag teacht le beartais na scoile agus le treoir chuí maidir le cosaint sonraí arna soláthar faoin RGCS.

**Conas a chosnaítear iomláine an phróisis bhreathnóireachta trí chéime?**

Trí chéim atá i gceist le gach breathnóireacht beag beann ar an mbreathnóireacht a dhéanann an MNC ar mhúinteoirí eile nó ball den FTG a théann i mbun breathnóireachta ar an MNC atá ar siúl. Tá gá le aird agus am a chaitheamh ar gach eilimint den phróiseas trí-chéim seo - Ullmhúchán Réamhbhreathnóireachta, Breathnóireacht Seomra Ranga agus Plé Iar-bhreathnóireachta - a leantar i ngach cás. Déanann an MNC dhá bhreathnóireacht ar a laghad agus déantar dhá bhreathnóireacht ar a laghad ar an MNC le linn an phróisis. Socróidh an FTG, i gcomhar leis an MNC, cé mhéad breathnóireacht go díreach a dhéanfar agus ba chóir é seo a thaifead i Srac-phlean Droichead.

Tá sé tábhachtach, sa chás go bhfuil socrú déanta ag ball seachtrach cuairt a thabhairt ar an scoil óstach/scoil Droichead le haghaidh breathnóireachta, go dtarlódh an plé réamhbhreathnóireachta de ghnáth cúpla lá roimh an mbreathnóireacht féin ionas go mbeidh an MNC ullamh chun go n-éireóidh leo agus deis acu an plean a leasú i bhfad sula múintear an ceacht chun a chinntiú go bhfuil sé réidh don seomra ranga. Is féidir é seo a dhéanamh ó chian.

Tar éis na breathnóireachta féin, socróidh an ball den FTG cruinniú leis an MNC don phlé iar-bhreathnóireachta. Feicfimid arís anseo scileanna bhall an FTG curtha i bhfeidhm

m.sh. ag ceistiú, ag éisteacht, ag léiriú comhbhá, ag achoimriú, ag athrá, ag tabhairt aiseolais, ag socrú spriocanna agus ag tabhairt faoi phleanáil gnímh.

**Iarradh orm 'cigireachtaí' a dhéanamh ar an MNC agus dúradh liom gurb iad seo na riachtanais ar fad atá ag an scoil uaimse. Cuireann sé seo as dom - an gcaithfidh mé iad seo a dhéanamh?**
Ní chaithfidh. Sainchúram na Cigireachta is ea cigireachtaí agus níl aon ról ag ball den FTG anseo.

Cé gur cuid thábhachtach de phróiseas Droichead an bhreathnóireacht, is cinnte nach í an t-aon chuid thábhachtach í. Níor cheart an 'Bhreathnóireacht Seomra Ranga' a mheas ina haonar ach oiread - is próiseas trí chuid é agus tá leanúnachas agus comhsheasmhacht na tacaíochta an-tábhachtach. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an ball den FTG céanna páirteach ó thús deireadh gach breathnóireachta. Is féidir le ball difriúil den FTG a a bheith páirteach don chéad bhreathnóireacht eile.

Tugann an FTG (baill inmheánacha agus baill sheachtracha) **treoir agus tacaíocht don MNC** le linn na tréimhse ionduchtaithe scoilbhunaithe agus **déanann siad comhdearbhú i gcomhar leis an MNC** (trí Fhoirm D a shíniú) go raibh siad páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama.

**An bhfuil uasteora le líon na scoileanna ar féidir liom tacú leo?**
Agus **Painéal Seachtrach** á chruthú ag an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead, shamhlaíomar gur scoil amháin a bheadh á dtacú ag ball den phainéal, má iarradh orthu. Molaimid duit comhrá a bheith agat le príomhoide do scoile ar an gcéad dul síos mar bíonn tionchar ag am scaoilte/ionadaíochta ar do scoil féin agus éilítear é trí OLCS/BOO do scoile. Tá eolas againn ar chásanna éagsúla ina bhfuil baill den phainéal ag tacú le breis is scoil amháin, ar chúis mhaith, agus go bhfuil siad féin (agus a bpríomhoidí) compordach le seo. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh postprimarydroicheadsupport@oide.ie más mian leat do chás a phlé.

**An féidir liom cur isteach ar Am Scaoilte (le clúdach ionaid) chun tacú leis an scoil/MNC?**
Is féidir. Ba chóir don bhall seachtrach painéil iarratas a chur isteach chuig droicheadinduction@oide.ie don **Fhoirm Cheadaithe d'Am Scaoilte do Bhall Seachtrach** agus ríomhphost a fháil ón Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead

ina gceadaítear an t-iarratas sula ndeimhníonn siad sonraí deiridh leis an scoil óstach. Féadfaidh ball seachtrach leas a bhaint as suas le cúig huaire d'am scaoilte más gá. Ní bhainfear an tam sin de leithdháileadh na scoile atá mar scoil óstach sa phroiséas ach as **Am Roghnach** na Rannóige Ionduchtúcháin Oide Droichead. Caithfear na huaireanta roghnacha a thugtar don bhall seachtrach a úsáid le linn na scoilbhliana a thacaíonn an FTG leis an MNC. Ní féidir iad a úsáid sa scoilbhliain dar gcionn.

De bhrí go raibh páirt agat i **Srac-Phlean Droichead** an MNC a dhréachtú, beidh tú ar an eolas faoin tréimhse ama atá i gceist agus na dátaí táscacha atá leagtha amach le haghaidh gníomhaíochtaí ionduchtaithe éagsúla.

**Cé go bhfuilim lán-oilte, tá bliain ann ó thacaigh mé le MNC. Cad a bheadh usáideach dom (mar bhall seachtrach) a léamh agus a athbhreithniú sula noibreoidh mé leis an scoil agus le MNC?**

Tá sé tábhachtach go mbeadh taithí agat ar Uirlisí Droichead, ina bhfaighfear achmhainní a bhaineann leis na prómhghnéithe seo a leanas:

- Ag ullmhú do MNC
- Dul i mBun an Phróisis le MNC
- Doiciméid Úsáideacha

Mholfaimis freisin freastal ar Ócáid Athnuachana Droichead - le haghaidh tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le droicheadinduction@oide.ie.

**D'iarr scoil orm a bheith páirteach sa phróiseas ach níl an oiliúint críochnaithe acu féin fós. Cad ba chóir dom a dhéanamh?**

Sa chás seo, déan teagmháil le droicheadinduction@oide.ie le comhairle a fháil.

**Agus má tá cabhair nó comhairle uaim? Cad ba chóir dom a dhéanamh?**

Má tá tuilleadh tacaíochta nó soiléirithe uait, déan teagmháil le postprimarydroicheadsupport@oide.ie.